

Ó Chulaith Ghaisce go Culaith Scríbhneoireachta:

An Béaloideas agus an Prósfhicsean

Pádraig Ó Siadhail

[Tá an páipéar seo bunaithe ar léacht a tugadh an 24 Feabhra 2018, i gColáiste Lehman, mar chuid den siompóisiam "Litríocht na Gaeilge agus Béaloideas na hÉireann" a d'eagraigh an Clár Gaeilge de chuid Roinn na dTeangacha agus Litríochtaí. Fuarthas an leagan scríofa seo, an leagan nuashonraithe, ar an 28 Márta 2024.]

Tréimhse thar a bheith spéisiúil i scéal litríocht na Gaeilge ba ea ochtóidí is nóchaidí na haoise seo caite. Ba í sin ré mhór an réalachais loim sa phrós. Amharc ar úrscéalta Phádraig Standúin, mar shampla, úrscéalta nach ndeachaigh ar chúl scéithe lena léiriú ar an chollaíocht. Ba é úrscéal Mhichíl Uí Chonghaile, *Sna Fir* (1999), buaic an réalachais sin ní toisc gurbh é an chéad úrscéal aerach i nGaeilge é — ba é *Cion Mná* (1993) an Standúnaigh a rug an chraobh sin leis¹ — ach toisc go raibh cur síos chomh mion oscailte sin ar an chollaíocht ann. Ó thaobh an réalachais de, ní raibh aon mhúr le dreapadh nó aon bhalla le leagan ina dhiaidh sin.

Ba sa tréimhse chéanna, áfach, a thosaigh go leor scríbhneoirí Gaeilge ag briseadh saor ón ghreim a bhí ag an réalachas ar an litríocht gur iompaigh siad ar an trialachas. Ar ndóigh, tá níos mó ná cineál amháin trialachais ann agus is minic a bhíonn dul thar a chéile ann ó shórt amháin go saghas eile. Ach aithnítear gurbh é *Cuaifeach mo Londubh Buí* (1983) le Séamas Mac Annaidh an chéad úrscéal iar-nua-aoiseach i nGaeilge. Ba é *Cuaifeach* Mhic Annaidh a réitigh an bóthar d'úrscéalta ar nós *Kinderszenen* (1987) le Robert Schumann agus *An Dochtúir Áthas* (1994) le Liam Mac Cóil. Ba leabhair iad sin inar chuir na húdair suas den réalachas, leis an phlota líneach a raibh tús, lár agus deireadh san ord sin leis. “Ag taisteal gan mhapaí” a bhíomar, mar atá ráite ag Máirín Nic Eoin faoin litríocht thurgnamhach neamhréalaíoch sin, agus muide ar shiúl ar aistir shamhlaíocha a chuir dár dtreoir muid is nárbh eol dúinn cén chríoch a bheadh orthu.²

B’ann do thrialachas eile sa tréimhse sin, is é sin údair ag caitheamh súil siar, ar lorg inspioráide sa tseanlitríocht nó sa bhéaloideas, ag féachaint le casadh úr a bhaint as ábhar sa traidisiún béil is sa traidisiún liteartha, as pearsana is as móitifeanna iontu — “ag athshaothrú

an dúchais,” mar a thugann Nic Eoin ar an chur chuige sin.³ Is í an file Nuala Ní Dhomhnaill is mó atá luaite leis an imeacht sin. File mór eile atá i ndiaidh tarraingt ar an traidisiún béil is liteartha ó shin is ea Biddy Jenkinson is fillfimid uirthi siúd ar ball.

Bhí na filí ar thús cadhnaíochta ach ba ghearr go raibh lucht an phróis sna sála acu. Sampla luath amháin ba ea an t-úrscéal *An Cúigiú Díochlaonadh* (1994) le Dáibhí Ó Cróinín. “Cuirim romham sa leabhar so scéal mo bháis a insint don phobal ...,” a deirtear i mBrollach *An Cúigiú Díochlaonadh* agus é ag baint casadh osréalaíoch as seánra seanbhunaithe na dírbheathaisnéise ó *An tOileánach* (1929) le Tomás Ó Criomhthain i leith, agus *An Béal Bocht* (1941) le Myles na Gopaleen, ar scigaithris ar an seánra sin é, san áireamh.⁴ Ach, agus is é seo is cáis linne anseo, tá *An Cúigiú Díochlaonadh* breac leis na deisimireachtaí cainte is stíle a dtagtar orthu i scéalta béaloidis. “Bhí fear ann fadó, ach má bhí níl sé ann a thuilleadh ...” an leathlíne a bhaineann an ceann den scéal.⁵ Is le culaith ghaisce a chuirtear clabhsúr ar an scéal: “Ach b’in a raibh ann, mar ní bhíonn cuntas ag éinne ach ó inné go dtí inniu. Níl a dtásc nó a dtuairisc anois ann, ná níl aon phioc le feiscint ann, i gcruthúnas duit ná bíonn in aon ní ach seal.”⁶ Is díol suime a ndeir Gabriel Rosenstock ar bhlurba an leabhair: “Tharlódh gur genre nua é seo, an béaloideas i bhfoirm úrscéil — nó an é an t-úrscéal i bhfoirm béaloidis é?”⁷ Ach fóireann an dá nath sin — an béaloideas i bhfoirm úrscéil nó an t-úrscéal i bhfoirm béaloidis — don chéad úrscéal Gaeilge, *Séadna* leis an Athair Peadar Ua Laoghaire, saothar a foilsíodh i dtosach in *Irisleabhar na Gaedhilge* in 1894, céad bliain sular foilsíodh *An Cúigiú Díochlaonadh* in 1994.

Scéal béaloidis ba bhunús le *Séadna*, mar atá, “Jack o’ the Lantern.” Deir Liam Mac Mathúna: “An scéal seo i dtaobh Jack o’ the Lantern a d’airigh an tAthair Peadar ina óige agus ar bhunaigh sé a scéal féin *Séadna* air, is leagan é den scéal béaloideas idirnáisiúnta atá cláraithe ... ag na scoláirí Aarne agus Thompson ...”⁸ De réir an innéacs rangaithe a d’ullmhaigh Antti Aarne an chéad lá riamh agus a leasaigh Stith Thompson ina dhiaidh sin (agus a bhfuil uasdhátú déanta air ag Hans-Jörg Uther ó shin), tugtar “The Smith Outwits the Devil” ar Thíopa 330.⁹ Gréasaí seachas gabha is ea *Séadna* in insint Ua Laoghaire is i leaganacha Muimhneacha eile den scéal a phléann Mac Mathúna.¹⁰ Mar sin, nuair a thaobhaigh Dáibhí Ó Cróinín le ciútaí is le coinbhinsiúin an bhéaloidis in *An Cúigiú Díochlaonadh*, ní raibh sé ag cruthú seánra nua. Is éard atá sa trialachas, i ndeireadh na dála, casadh úr ar ar tháinig roimhe sin agus ar a raibh ann cheana.

Bhí stádas ar leith ag an bhéaloideas in Athbheochan na Gaeilge i bhfad sular bhronn Rialtas na hÉireann séala oifigiúil air trí Choimisiún Béaloideas Éireann a mhaoiniú sa bhliain 1935. D'fhéachtaí ar phobail Ghaeilge iarthar na hÉireann, ar an bhéaloideas, is ar an traidisiún béil go háirithe mar naisc leis an aimsir roimh ré thruaillithe an choilínithe. Ach earra idirnáisiúnta is ea an béaloideas, mar a chruthaíonn bunús *Séadna*. Ó seoladh an tOireachtas in 1897, ba mhír lárnach de na comórtais an traidisiún beo agus thagadh tréan iarrachtaí isteach do na comórtais liteartha a bhí dírithe ar an bhéaloideas. Mar shampla: sa bhliain 1901, fuarthas naoi n-iarracht do “D[h]ornlach de shean-scéalta nár cuireadh i gcló riamh fós” agus naoi n-iarracht déag do “D[h]ornlach de fhlíocht a chuirfear síos ó bhéal-aithris agus nár cuireadh i gcló riamh fós.”¹¹

Cuireadh de chúram ar an Oireachtas an nualitríocht a chothú fosta. Agus é ag féachaint leis sin a dhéanamh, bhí ar an Oireachtas a fhógairt in 1899 go mbeadh duais ann do “G[h]earrscéal de shaghas ar bith ach béaloideas.”¹² Níor tháinig isteach ach iarracht amháin. Bhí drogall ar scríbhneoirí na hAthbheochana cúl a thabhairt leis an scéalaíocht thraidisiúnta is a n-aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na nualitríochta. Agus d’fhág an bhéim ar an bhéaloideas a rian ar an nualitríocht. B’fhusa géilleadh do choinbhinsiúin na seanscéalaíochta – an *deus ex machina* a chuireann gach rud ina cheart, an chríoch bhog rómánsúil, easpa téagair sa charachtracht, cuir i gcás. Fiú amháin, tá lorg an bhéaloidis ar scríbhinní na beirte ba mhó a chuir rompu an próis nua-aimseartha a chur chun cinn, Pádraic Ó Conaire agus Máirtín Ó Cadhain.

I scéal luath leis an Chonaireach, “Páidín Mháire,” iascaire is ea an phríomhphearsa a chuaigh ar scéim oibre phoiblí in am an ghátair gur scriosadh leathshúil leis i dtimpiste phléascáin. Seoladh Páidín Mháire go Teach na mBocht gur chaill sé radharc na súl ar fad go ndeachaigh sé as a mheabhair. Mar sin, is scéal é “Páidín Mháire” faoin seachrán céille a bhí ar an chréatúr mí-ámharach sin nuair a thugtar air cúl a thabhairt lena sheansaol agus nuair a scarann sé leis an dúchas. Pearsa choitianta i scéalaíocht an Chonairigh is ea an té atá martraithe go fisiciúil. Sa chás seo, tarraingíonn Ó Conaire ar an bhéaloideas go luath sa scéal nuair a bhíonn Páidín Mháire folláin ó thaobh na colainne is na haighe de go fóill. Deirtear linn: “Ba mhíshuaimhneach an duine é nuair nach raibh sé i mbád; den treibh sin Uí Chonaola, a n-abartar leo go bhfuil gaol acu le róna, ab ea é.”¹³ Agus meascann Ó Conaire an béaloideas, an réalachas sóisialta is an méaldráma le chéile ag deireadh an scéil tar éis do Pháidín Mháire bás a fháil:

Cuireadh sa reilig sin atá thiar-ndéas ó Chialadh Éamainn ar chiumhais na farraige é, ach de réir bhaothchaint na mbádóirí is míshuaimhneach a bhí sé faoin bhfód. Oíche dhorchá bhaolach ar bith bhíodh sé amuigh ar an bhfarraige ag cuidiú agus ag cúnamh le bádóirí a bheadh i ndáinséar crua sa gcuan ...

Ach is cosúil nár chreid a mhuintir na scéalta úd, mar bhíodh a mháthair ag cur paidre lena anam gach maidin ag bun an chrainn fuinnseoige a bhí os cionn a huaighe no go dtáinig an lá a ndeachaigh sí féin agus a fear go tigh na mbocht.¹⁴

Agus í ag tagairt d'Aisling Ní Dhonnchadha a dhírigh ár n-aird ar íoróin réalaióch an scéil, tá Pádraigín Riggs i ndiaidh a fhógairt go "[mb]raitheann 'íoróin réalaióch an scéil' ar an úsáid a bhaintear as an mbéaloidis in 'Páidín Mháire.'"¹⁵

"Ba bheag meas a bhí ag Máirtín Ó Cadhain ar an mbéaloidis más fíor gach ar scríobh sé," arsa Diarmuid Ó Gráinne. Bhíodh an Chadhnach "de shíor ag frithmhagadh faoin lucht acadúil a chaith a gcuid dúthrachta ag saothrú an ábhair. Bhí ollamh amháin a mbíodh sé ag sciolladh air de shíor."¹⁶ Ach bhí an scéal i bhfad Éireann ní ba chasta ná sin. Bhí an traidisiún béil timpeall ar an Chadhnach nuair a bhí sé ag teacht in inmhe. D'fhoilsigh sé ábhar a bhí bailithe aige óna mhuintir san iris *Béaloidis*.¹⁷ Éist le tús an scéil seo "Rí an Domhnaigh", ceann de na píosaí sin: "Bhí fear fadó ann agus is fadó bhí, agus dhá mbeidhinn-se ann an uair sin ní bheidhinn ann anois, agus dhá mbeidhinn, ní taobh le n-a léithide seo de sgéal a bheidhinn ar chuma 'r bith!"¹⁸ Ní hé amháin go raibh an béaloidis timpeall ar an Chadhnach, bhí sé timpeallaithe aige. Ba é "tionscal" an bhéaloidis — smaoinigh ar an lucht acadúil thuasluaite — ba ghéire a ghoill ar an Chadhnach, a deir Ó Gráinne.¹⁹

Ní nach ionadh, agus é ag promhadh a phinn, is in *Idir Shúgradh agus Dáiríre* (1939), an chéad chnuasach gearrscéalta leis an Chadhnach is mó a fheictear rian an bhéaloidis. Baineann an gearrscéal, "Mac Rí na nDeachmann," le leaid óg atá ag iarraidh gaisce a dhéanamh trí uibheacha a ghoid ó nead ar bharr aille. Maraítear an gasúr ag an deireadh.²⁰ Mar a léiríonn Gearóid Denvir, bhí Ó Cadhain tar éis tarraingt ar scéal béaloidis: "Scéal an-choitianta i mbéaloidis na hÉireann is ea an scéal 'Mac Rí na nDeachmann.' Tá os cionn céad leagan de cláraithe i gcartlann Roinn Bhéaloidis Éireann, agus tá sé le fáil ar fud na nGaeltachtaí uile."²¹ Níl lorg an bhéaloidis chomh trom sin ar an dara cnuasach, *An Braon Broghach* (1948), ach tá sé ann go fóill, mar shampla sa scéal "An Gheis," faoin bhean,

Neile, a chreideann go bhfuil bás a fir chéile ceangailte le piseoga faoin sceach gheal taobh amuigh dá teach agus a bhfuil eagla a craicinn uirthi go mbáfaí a haonmhac atá amuigh ar an fharraige. Ag deireadh an scéil, feicimid Neile ag ullmhú leis an sceach gheal a leagan le tua: “Ó inniu amach ní bheadh aon bheann aici ar gheis na sceiche.”²² Tá sise réidh le saol na bpiseog is, cé go bhfuil sí neirbhíseach faoi, tabharfaidh sí a haghaidh ar an saol atá roimpi. Ar bhealach, is féidir amharc ar dheireadh an scéil mar insint ar an dóigh a raibh an Cadhnach féin ag briseadh saor ó anáil an bhéaloidis.

Níorbh ionann is an Conaireach agus an Cadhnach, bhí údair eile ann nach raibh in ann nó nár theastaigh uathu briseadh saor. Agus níor chéim rómhór í ón dúil sa bhéaloideas go beathaisnéis is dírbheathaisnéis ar nós *An tOileánach*, *Peig* (1936) le Peig Sayers, is a macasamhala sna ceantracha Gaeltachta eile. Tá Máirín Nic Eoin tar éis labhairt faoin “drochthionchar a bhí ag an tábhacht a samhláíodh leis an mbéaloideas agus le caint na ndaoine ar fhorbairt na nualitríochta Gaeilge.”²³ Agus deir sí fosta: “An rud ba mheasa faoin nasc seo idir an béaloideas agus an litríocht, dar liom, ná ní hé gur baineadh an oiread sin úsáide as ábhar an bhéaloidis ach go ndeachaigh stíl an bhéaloidis i bhfeidhm go mór ar stíl na nualitríochta Gaeilge.”²⁴

Riar mór den obair ó lár na haoise seo caite ná iarracht le héalú ó mhúnlú na scéalaíochta traidisiúnta is litríocht réalaióch uirbeach a fhorbairt. “Och! Mo chreachsa faisean chláir Éibhir,” faoi mar a chásaigh Pádraigín Haicéad sa seachtú haois déag²⁵: mar a luadh cheana, thosaigh scríbhneoirí áirithe de chuid na Gaeilge ag cúlú ón réalachas féin sna hochtóidí agus ba as an tonn úr thurgnamhach sin a tháinig leabhair ar nós *Cuaifeach mo Londubh Buí*. Maidir leis an trialachas eile, áfach — “athshaothrú an dúchais” — is íorónta an mhaise é gur léiríodh suim as an nua sa seanábhar nuair a chuimhnítear ar an tslí gur amharc go leor criticeoirí liteartha ar an traidisiún mar bhac ar fhorbairt na nualitríochta. Ach saol eile agus faisean eile a bhí ann faoin chuid dheireanach den aois seo caite, cuid mhaith den seanbhagáiste idé-eolaíochta caite i dtraipisí is, faoi mar a luamar cheana, Nuala Ní Dhomhnaill i ndiaidh a aithint go raibh mianach sa traidisiún a ligfeadh di tromcheisteanna uilíocha a chíoradh. Mar a deir Máirín Nic Eoin: “Gné sho-aitheanta dá cur chuige fileata is ea an earraíocht a bhaineann sí as téamaí agus scéalta atá le fáil i dtraidisiún béil agus i dtraidisiún liteartha na Gaeilge mar mhodh le scrúdú a dhéanamh ar staideanna comhaimseartha síceolaíochta.”²⁶ Is díol suime é gurbh é Alan Titley, fear a bhfuil an oiread sin déanta aige mar scríbhneoir cruthaitheach is mar chriticeoir le síneadh a chur le seánra an

úrscéil Ghaeilge is le léann úrscéalaíocht na Gaeilge faoi seach, an chéad scríbhneoir próis eile, i ndiaidh Dháibhí Uí Chróinín, a tharraing ar an scéalaíocht thraidisiúnta. Ní raibh sa bhéaloideas ach ceann den iliomad ciútaí agus cleasanna reacaireachta ar bhain an Titlíoch sult, spleodar agus spórt astu in “An Síscéal de réir Eoin” sa mhórchnuasach *Eiriceachtaí agus Scéalta Eile* (1987), cuir i gcás.²⁷ Ach is ar mhúnlú na scéalaíochta traidisiúnta, an fabhalscéal, a bhunaigh sé a leabhar beag *Fabhalscéalta* (1995). “Áisiúil an fhoirm í,” a scríobh Titley, “chun mórán a rá i mbeagán focal; malairt an scríbhneora cheana adeireadh beagan i mórán focal. Oiriúnach chomh maith iad chun ponc a chur abhaile, buille a bhualadh nó bior a chasadh.”²⁸ Is scéalta úra gonta iad fabhalscéalta Titley. Is leor amharc ar shampla amháin ina iomláine, “An Tríú Domhan,” le blaiseadh dá chur chuige.

Bhí fear bocht agus fear saibhir ann. B'éigean don bhfear bocht an fear saibhir a iompar timpeall ar a dhroim.

Nuair a d'fheiceadh siad rud ar bith luachmhar ar a gcuid taistil — bia nó seoid nó maoin shaolta — deireadh an fear saibhir go cineálta, ‘Féach, pioc suas é sin agus iompróidh mise duit é.’²⁹

Is scéal é sin atá chomh sean leis an chine daonna, chomh bíobalta le parabal agus, i bhfianaise pholaitíocht iarchoilíneach, eacnamaíocht iarchaipitlíoch is ghéarchéim aeráide ár linne, chomh cothrom le dáta.

Ba in *Leabhar Nóra Ní Anluain* (1998) a chuir an Titlíoch an dlaoi mhullaigh ar an chineál reacaireachta traidisiúnta thuas.³⁰ Cheapfá gurbh é *Decamerone*, mórshaothar scéalaíochta Giovanni Boccaccio ón cheathrú haois déag is ceann de sheoda liteartha na hIodáile, a sholáthair an múnlú liteartha: dála *Decamerone*, tá céad scéal in *Leabhar Nóra Ní Anluain*. Ach is cnuasach é *Leabhar Nóra Ní Anluain* fosta a raibh an leagan amach céanna air is a bhí ar mhórbhailiúcháin bhéaloidis ar nós *Leabhar Sheáin Í Chonaill* (1949), ábhar ón traidisiún a bhí bailithe ag Séamus Ó Duilearga ó Sheán Ó Conaill i gCill Rialaigh in Uíbh Ráthach.³¹ Scéalta “ó cheartlár na cruinne” atá in *Leabhar Nóra Ní Anluain*, agus iad rangaithe i rainn a bhfuil teidil bhréagbhéaloidis orthu ar nós “Saoiscéalta,” “Feallscéalta” agus “Dianseanchas.” Mar is dual don Titlíoch, tá sé i ndiaidh a chuid shamhlaíoch spreagúil féin a dhéanamh den traidisiún idirnáisiúnta scéalaíochta, idir litríocht is bhéaloideas. Ach meabhraíonn a chur chuige dúinn gur fhoilsigh Bö Almqvist, scoláire béaloidis sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, paimpléad dar teideal *An Béaloideas agus An Litríocht* (1977) breis is dhá scór bliain

ó shin, inar ríomh sé na difríochtaí idir an scéalaíocht bhéil is an téacs liteartha sular cheistigh sé “cad é an tairbhe sainiúil atá le baint as an dá rud — an béaloideas agus an litríocht — as teagmháil léannta a bheith acu lena chéile?”³² Go heiseamláireach, sa mhír “An Litríocht ar Scáth an Bhéaloidis,” thaispeáin Almqvist “cad a tharlaíonn nuair a ghlacann an litríocht le scéal ón mbéaloideas,” trí dhíriú ar scéal a bhreac sé síos ó Mhícheál Ó Gaoithín, Maidhc File is mac le Peig Sayers, scéal ar leagan béil de théacs sa *Decamerone* é.³³

Dá réir, sa bhéaloideas ní réidh na snáitheanna dúchasacha is na snáitheanna idirnáisiúnta a dhealú óna chéile sa dóigh chéanna nach furasta an tionchar atá imeartha ag an litríocht ar an bhéaloideas agus ag an bhéaloideas ar an litríocht a rianú. Le blianta beaga anuas, áfach, tá spéis ag scoláirí as an nua san ionramháil atá déanta ag scríbhneoirí cruthaitheacha ar ábhar sa traidisiún, ina bhéaloideas is ina mhiotaseolaíocht. In aistí sa leabhar, *Folklore and Modern Irish Writing* (2014) in eagar ag Anne Markey agus Anne O’Connor, scrúdaítear “the dynamic interrelationship” idir an dá ábhar.³⁴ Ní miste suntas ar leith a thabhairt don chaibidil “‘Some hardcore storytelling’: Uses of Folklore by Contemporary Irish Writers” le hÉilís Ní Dhuibhne, scríbhneoir aitheanta cruthaitheach i mBéarla agus i nGaeilge a bhfuil cúlra acadúil i léann an bhéaloidis aici.³⁵ Ach is í Máirín Nic Eoin is léirsteanaí atá i ndiaidh iniúchadh a dhéanamh ar “Athshaothrú an Dúchais” i bprósfhicsean Gaeilge ár linne.³⁶ Agus an tslí ina n-úsáideann scríbhneoirí comhaimseartha ábhar ón traidisiún ina scríbhinní cruthaitheacha, i ngearrscéalta de shonra, idir chamáin ag Nic Eoin, deir sí:

Is é an cur chuige is forleithne ar fad ná go spreagann carachtar nó eachtra nó móitíf nó eilimint de théacs liteartha an t-údar comhaimseartha le scéal dá c(h)uid féin a chumadh timpeall air. Uaireanta is mar scéal staire a dhéantar an scéal nua a thógáil. Bíonn na bearnaí sa taifead liteartha á líonadh ag údar a úsaideann an tsamhlaíocht mar thaca leis an taighde staire. Uaireanta eile is amhlaidh a bhaintear síneadh cruthaitheach nó casadh comhaimseartha as gné de sheanscéal liteartha. D’fhéadfadh sé go bhfuil léargas an tseansaothair á chur i gcomhthéacs an scéil nuachumtha. Uaireanta eile arís, b’fhéidir nach bhfuil ann ach go samhlaítear comhthreomhaireacht théamúil idir seansaothar agus eachtra chomhaimseartha. B’fhéidir go ndéantar uilíocht an léargais liteartha a threisiú trí mhacallaí téacsúla, ainmneacha na gcarachtar nó móitífeanna ón seanscéal mar shampla.³⁷

Feictear samplaí de na rudaí seo uilig i gcuid de na gearrscéalta — nó “Gáirscéalta,” mar a thugann an t-údar orthu, teideal a aibhsíonn an taobh greannmhar den chnuasach — in *An*

Grá Riabhach (2000), leabhar ina dtarraingíonn Biddy Jenkinson níos mó ar an traidisiún liteartha ná ar an traidisiún béil. Suite sa tseanaimsir atá “Leabhar Mholing,” scéal faoin chumann a bhí ag Moling le Suibhne agus cad é mar a tharla gur scríobhadh *The Book of Mulling*,³⁸ agus “Consortium Mulierum”, scéal barrúil cliste faoi fhir naofa, faoi mhná théisiúla is faoi mhóid na geannmnaíochta.³⁹ I gcomparáid leis sin, tá “Éadaoin na hIlghiniúna” ina bhfuil macalla ar *Tochmarc Étaíne*,⁴⁰ agus “Oidhe Fhearghusa” ina bhfítear le chéile ábhar liteartha faoin dá Fhearghus, mac Róich ón Rúraíocht agus mac Léide, rí Uladh ón mhiotaseolaíocht, suite lenár linn.⁴¹ Cnuasach scéalta atá i mo leabhar, *Na Seacht gCineál Meisce agus Finscéalta Eile* (2001), ina mbaintear earraíocht fhairsting as an bhéaloidias is as léann dúchais na hÉireann. Is saothar é ar thosaigh mé air i lár na 1990idí, timpeall an ama, faoi mar a chonaiceamar, a raibh scríbhneoirí próis ag treabhadh an iomaire chéanna a bheag ná a mhór, neamhspleách ar a chéile. Bhí trí úrscéal réalaiócha foilsithe agam cheana agus theastaigh uaim tabhairt faoi sheánra liteartha eile agus faoi stíl scríbhneoireachta eile.

Ní chluintear mórán fúithi anois, ach bhíodh neart cainte ar an cheist seo lá den saol. An féidir úrscéal réalaióch comhaimseartha uirbeach a scríobh atá suite in áit nach labhraítear Gaeilge inti? Bhí criticeoirí mór le rá den tuairim nach féidir. Mar shampla, sa bhliain 1989, d’áitigh an fear critice aitheanta, Seán Ó Tuama, “there are almost insuperable literary difficulties in dealing *realistically* with modern urban life in a language which is not to any great extent a current urban community language.”⁴² Thuig mé cad a bhí i gceist ag an Tuamach cé nár aontaigh mé leis. Ach ag an am sin, agus deich mbliana caite agam i mo chónaí taobh amuigh d’Éirinn, agus mé ag gabháil do thaighde scolártha faoin diaspora Éireannach, faoin spéis a bhí ag cuid acu sa chultúr Gaelach go háirithe, ba mhian liom cuid de mo shaothar cruthaitheach a shuíomh thar lear in áiteanna nach labhraítear Gaeilge go hiondúil. Réiteach amháin ar an fhadhb, b’fhéidir, ná tosú ar thrialachas den chineál iar-nua-aoiseach atá cleachta ag Séamas Mac Annaidh. Nó díriú ar an fhanaisé nó ar an fhicsean eolaíochta — *sure*, más féidir le pearsana Klingon a labhairt amuigh i mBealach na Bó Finne, nach dtig leo Gaeilge a labhairt fosta? Ach tharla go mbíodh cúrsa béaloidis á theagasc agam le fada an lá, tháinig mé ar réiteach a bhí in aice láimhe, is é sin, mo chuid finscéalta úra a fhréamhú i seanchas is i scéalaíocht na Gaeilge, agus struchtúr an chnuasaigh bunaithe ar an nath go bhfuil seacht gcineál meisce ann. As na trí scéal déag in *Na Seacht gCineál Meisce agus Finscéalta Eile*, tá níos mó ná leathchuid acu suite lasmuigh d’Éirinn. Mar gheall ar

fhócas na haiste seo, dírimis ar chuid de na scéalta sin ar fhág an béaloideas, seachas an traidisiún scríofa, a rian orthu.

An chéad cheann ná “Meisce Bhreallánachta” — is éard atá i mbreallántacht gibiris chainte, sa chás seo, Béarla.⁴³ Seo an bunús a bhí le mo ghearrscéal. Scoláire Gàidhlig is ea John Shaw a chaith blianta fada ina chónaí i gCeap Breatainn, áit ar bhailigh sé scéalta is ábhar béaloidis, ar nós *Sgeul go Latha. Tales until Dawn. The World of a Cape Breton Gaelic Story-Teller* le Joe Neil MacNeil (Eòs Nill Bhig) sula ndeachaigh John leis an léachtóireacht in Albain.⁴⁴ Ar theacht go Halifax in Albain Nua i dtosach dom, ba ghnách liom dul síos go Ceap Breatainn ó am go chéile. Lá, chuala mé John ag caint faoi fhear ó phobal Gàidhlig Cheap Breatainn a bhí in arm Cheanada i rith an Dara Cogadh Domhanda, fear a goineadh go dona thar sáile. Ar dhúiseacht san ospidéal dó, ní raibh focal Gàidhlig, a theanga dhúchais, ina phluc. Ní raibh aige ach Béarla.

Ní fhaca mé an scéal sin i gcló ag an am nó ó shin ach caithfidh go raibh sé i mbéal an phobail i gCeap Breatainn. Iar-iriseoir is iarchraoltóir de chuid an CBC, an tseirbhís chraoltóireachta phoiblí i gCeanada, is ea Linden MacIntyre. Tá dornán úrscéalta atá suite i gCeap Breatainn foilsithe aige le fiche bliain anuas. An chéad cheann acu ná *The Long Stretch* (1999). Leabhar atá ann faoi bheirt chol ceathracha atá i ndiaidh bualadh le chéile tar éis na mblianta agus faoin teannas, faoi na scéalta, faoi na bréaga is faoi na rúin atá ann ó bhí a n-aithreacha ina saighdiúirí sa Dara Cogadh Domhanda. Go luath san úrscéal, deir duine de na col ceathracha, John Gillis, reacaire an úrscéil, faoina athair:

My old man was all over Europe during the Second World War but didn't even bother going to Scotland. Claimed he was never interested. Spoke Gaelic like the rest of them before the war, but never after. Something about his memory. He was wounded. In the head. Took away the piece of his memory that held the Gaelic and a lot of other things, like feelings.⁴⁵

Cé nár foilsíodh an cnuasach scéalta ina bhfuil an gearrscéal a scríobh mé faoin saighdiúir a chaill a chuid Gàidhlig go dtí 2001, foilsíodh sliocht fada as sa bhliain 1998.⁴⁶ De réir dealraimh, bhí mé féin agus Linden MacIntyre i ndiaidh leaganacha den scéal a chluinstin neamhspleách ar a chéile gur shocraíomar beirt ar ár gcuid féin a dhéanamh de.

In “Meisce Bhreallánachta,” tá bean ag fanacht lena fear céile filleadh abhaile go Ceap Breatainn ó Halifax, áit a raibh sé san ospidéal míleata. Tá a fhios aici gur gortaíodh é ach ní heol di cé chomh dona is atá sé. Cibé ar bith, tá sise ag súil leis an saol a bhí acu mar lánúin is mar theaghlach roimh an chogadh a athchruthú. Ar theacht isteach don fhear faoi dheireadh, níl a dhath contráilte leis go fisiciúil ach a thúisce is a osclaíonn sé a bhéal, Béarla atá á labhairt aige. “It’s good to be home,” a deir sé.⁴⁷ Agus Béarla amháin a labhraíonn sé i dtólamh ina dhiaidh sin go bhfaighimid amach faoin suaitheadh mór a bhain an cogadh as gur chaill sé a chuid Gàidhlig.

Is féidir an scéal a mheas mar léiriú ar an neamhord strus iarthrámach. Aisteach go leor, b’fhéidir, ní raibh mé féin ag smaoineamh mórán air sin nuair a scríobh mé an gearrscéal. An príomhthéama a bhí ann, dar liom, ná an t-iompú teanga. Thosaigh Gàidhlig ag cúlú mar theanga phobail in Albain Nua roimh thús an Dara Cogadh Domhanda. Ach roghnaigh mé an cogadh sin — go leor fear ar shiúl san arm ar feadh na mblianta, agus labhairt an Bhéarla buanaithe ina measc ar theacht abhaile dóibh — mar ghearrchuntas ar an dóigh gur réabadh nós sheachadadh na Gàidhlig ó ghlúin go glúin. Ach bíonn sé ró-éasca géilleadh don mhaoithneachas agus tú ag caint ar mheath nó ar bhás teanga. Bhí “Gadaithe,” gearrscéal cumhachtach le Seán Mac Mathúna — más buan mo chuimhne, ba in *An Droichead/The Bridge*, iris dhátheangach i Nua-Eabhrac, a chonaic mé i gcló é den chéad uair — faoin iompú teanga i ndiaidh dul i gcion orm go mór.⁴⁸ Is scéal é a léirigh dom gur féidir déileáil leis an cheist sin gan a bheith bog maoithneach is lean mé a shampla.

Chuir mé romham an creatlach scéil a bhí cloiste agam i gCeap Breatainn a fhorbairt. Ag an am céanna, bhí uaim aitheantas a thabhairt don ghné bhéaloidis. Ní ainmnítear na pearsana i mo scéal. Nuair a imíonn an lánúin amach chuig céilí — oíche airneáin — bíonn seanchaí ann ag insint scéalta faoi Fhionn mac Cumhaill is faoi Bhoban Saor (an Gobán Saor sa Ghaeilge) is a mhac. Ag deireadh an scéil féin, blianta ina dhiaidh sin agus Béarla ina ghnáth-theanga ag an phobal sa cheantar, insítear scéalta i gcónaí, ach ní faoi Fhionn mac Cumhaill is faoi Bhoban Saor is a mhac ach faoi “The Man who Lost his Gaelic.”

Ó scríobh mé an scéal, is iomaí uair a mhaígh mé dá mbeadh breith ar m’aiféala agam go n-úsáidfinn trí theanga sa phíos. Faoi mar atá sé anois, tá gach rud i nGaeilge ach amháin caint an fhir. Ach ba chóir go mbeadh caint na bpearsan eile i nGàidhlig. Ar scor ar bith, sa bhliain 2011, mar chuid den tsraith *Údar*, gearrscannáin bunaithe ar shaothair liteartha Ghaeilge,

choimisiúnaigh is chraol TG4 leagan de mo scéal faoin teideal *Malartú Intinne*.⁴⁹ Ní raibh lámh nó páirt agam sa script teilifíse a bhí cóirithe ag Jack Ó Drisceoil. Ní gearánta dom ó d'ól mé an súp is ó bhris mé an seic. Ach athraíodh suíomh an scéil ó phobal Gàidhlig a bhí ann go fóill i gCeap Breatainn i lár na haoise seo caite go pobal Gaeilge i dTalamh an Éisc, pobal nach ann dó ó am éigin sa naoú haois déag ar a dhéanaí, agus tugadh ainmneacha breátha Éireannacha ar na pearsana. Fágadh ar lár ar fad an ghné bhéaloidis a bhí i mo scéal. Ach thar aon rud eile, cailleadh deis scéal faoi phobal Gàidhlig Cheap Breatainn a chur os comhair phobal Gaeilge na hÉireann.

Scéal Ceanadach eile is ea “Síle Ní Ghadhra i dTalamh an Éisc.”⁵⁰ Sa chás sin, chuala mé ó chomhghleacaí ollscoile liom go raibh leaganacha de scéal i mbéaloidias Thalamh an Éisc faoi “Sheila na Geira,” banphrionsa Éireannach ón ochtú haois déag más fíor, bean a fuadaíodh nuair a bhí sí ar long chun na Fraince, a phós an foghláí mara, Gilbert Pike, is a d'imigh in éineacht leis go Talamh an Éisc. Deirtear gur rugadh an chéad pháiste geal i dTalamh an Éisc di. Bhíodh clú is cáil ar Sheila mar bhean feasa i dtraidisiún scéalaíochta an oileáin. Chuaigh mé sa tóir ar an scéal gur tháinig mé ar leagan dar teideal “Sheila Na Geira Pike” in *Legends of Newfoundland & Labrador*.⁵¹ Ba san ainm sin, Sheila na Geira, a chuir mé sonrú toisc gur mheabhraigh sé Síle Ní Ghadhra, spéirbhean i dtraidisiún na hÉireann, dom. Chuir mé romham Sheila na Geira Thalamh an Éisc a cheangal le Síle Ní Ghadhra i dtraidisiún na hÉireann is an bheirt bhan sin, an dá thraidisiún sin, a aontú le chéile. Ach sa scéal seo agamsa, éigníodh Síle nuair a rinneadh príosúnach di le linn di a bheith ag teitheadh ó Éirinn. Luigh sin leis an réalachas sa tslí gurbh fhéidir a chreidbheáil gurbh é sin an saghas ruda a tharlaíodh do bhean óg gan chosaint. Ach a luaithe is a bhuaileann tú an ród sin, téann sin i bhfeidhm ar an chuid eile den scéal. Ní caint ar spéirbhean a thuilleadh é ach cíoradh ar bhean éignithe, ar a tharla d'íospartach ag an am agus i ndiaidh an éignithe. De dheasca an réalachais, tá tú i ndiaidh scéal nua ar fad a scríobh, bíodh sé sin olc maith nó dona.

Agus mé ag obair ar an chnuasach, ba ghnách liom tosú le pearsa ar nós Sheila na Geira Thalamh an Éisc nó blúirín scéil nó móitíf bhéaloidis agus d'fhéachainn le mo chuid féin a dhéanamh díobh. An té a bhfuil na scéalta léite aige, tuigfidh sé gurbh é an nós a bhí agam casadh réalaióch a chur isteach i seanscéal. Ach níl in an-chuid scéalta réaloidis ach meafair a sheasann do luachanna nó do choinbhinsiúin an phobail. Gan aon agó, bíonn tionchar mór ag idé-eolaíocht na linne ar na luachanna is ar na coinbhinsiúin chéanna, cuirim i gcás, an Chríostaíocht nó dearcadh na bhfear ar ról na mban. Ó thaobh struchtúir de, bíonn an

gnáthscéal béaloidis simplí go leor. De réir fhoirmle an bhéaloidis, ní dhéantar forbairt ar an charachtracht; ní bhactar le cúiseanna nó le ceannfháthanna — cad chuige a ndéanann na pearsana a ndéanann siad. A thúisce is a fhéachtar leis an réalachas a bhrú ar scéal béaloidis, chun an charachtracht a fhorbairt le bun agus barr gach eachtra a mhíniú nó le meon na bpearsan a thuigbheáil, cailltear an ghné mheafarach sin.

Sampla amháin de sin is ea mo ghearrscéal “Petticoat Loose.”⁵² Bhí dúspéis agam i leabhar Anne O’Connor, *Child Murderess and dead child traditions* (1991).⁵³ Is ann a tháinig mé ar scéalta béaloidis faoi Petticoat Loose. Is í sin an bhean a daoradh chun súgáin ghainimh a fhí ar an Mhuir Dhearg go Lá an Bhreithiúnais Mhóir as gan aithreachas a bheith uirthi as páistí sa bhroinn nó páistí nuashaolaithe a mharú (agus as coireanna eile). Theastaigh uaim fuil agus feoil a chur ar an mheafar seo, ar léiriú grinn é ar mheon an phobail agus ar na nithe sin a bhí i ndiaidh dul i bhfeidhm ar an mheon sin, ón easpa cinnteachta faoi chora crua an tsaoil, is saolú is sláinte clainne ach go háirithe, go tionchar na bhfear is na Críostaíochta, go dtí an dóigh ina ndéileáladh an pobal le fadhbanna íogaire nár theastaigh uathu labhairt orthu os ard. Bhí uaim an phearsa shamhlaíoch seo, Petticoat Loose, a chruthú ina steillbheatha. Nuair a dhéantar sin, téann tú thart leis an charachtracht aontréithe. Ní hann do steiréitíopaí an oilc is na maitheasa a thuilleadh. Sin bua an réalachais. Ach ar an taobh eile, b’fhéidir nach ndéantar ach an tsamhlaíocht is an saibhreas cultúrtha ónar eascair Petticoat Loose is traidisiúin dá leithéid a bhá faoi thonn throm mhúchtach an réalachais.

Ceist eile ná an mbíonn baol ann nach n-éireoidh leat do chuid léitheoirí a mhealladh leat ar an aistear má bhíonn an t-ábhar ródhoiléir. Sampla de sin, b’fhéidir, an scéal deireanach sa chnuasach, “Meisce Chaointe.”⁵⁴ Oíche chinn na bliana 1899 atá ann. *Fin de siècle*. Am ar leith é le hamharc siar, le breathnú chun tosaigh. Tá James Mooney ina sheomra staidéir in Washington, D.C, sula dtéann sé féin agus a bhean chéile amach le blaiseadh den cheiliúradh mór. Níl a fhios agam an aithnítear an t-ainm James Mooney? Ba Ghael-Mheiriceánach é, ar bhall foirne de Bhiúró na hEitneolaíochta Meiriceánaí, sciathán de chuid an Smithsonian, é. Chaith Mooney na blianta ag déanamh staidéir ar bhundúchasaigh Mheiriceá gur ghlean an leasainm “the Indian Man” de. Ba é a scríobh an tuarascáil mhór ar ghluaiseacht Rince na dTaibhsí is ar shléacht na nIndiach ag Wounded Knee sa bhliain 1890. Bhí trí aiste fhada faoi bhéaloideas na hÉireann foilsithe ag Mooney sna Stáit Aontaithe fosta timpeall an ama ar imigh Gael-Mheiriceánach eile is ball eile den Bhiúró, Jeremiah Curtin, go hÉirinn le scéalta Gaeilge a bhailiú in iarthar na hÉireann.⁵⁵

An t-ábhar machnaimh atá ag Mooney ar Oíche Chinn na Bliana 1899 i mo scéal ná gnéithe den mhílaoiseachas a bhain le Rince na dTaibhsí de chuid bhundúchasaigh Mheiriceá is den mhílaoiseachas sa traidisiún in Éirinn, ar nós Thairngreachtaí Cholm Cille nó cinn Pastorini sa chéad leath den naoú haois déag, a cheangal le chéile. Ba dhá phobal choilínithe iad a raibh dáimh agus bá ag Mooney leo.

Tá glac aistí foilsithe agam faoi Mooney.⁵⁶ Ach scríobh mé an gearrscéal i bhfad sular fhoilsigh mé na haistí. I ndáiríre, scríobh mé an gearrscéal ar fhaitíos nach bhfaighinn deis an t-ábhar scolártha faoi Mooney a fhoilsiú. Ach bhainfeadh an léitheoir níos mó céille as an ghearrscéal ach na haistí acadúla a bheith léite aige roimh ré! Mar sin, bhí mé ag éileamh barraíocht ar an léitheoir bocht.

Tá scríbhneoirí próis na Gaeilge ag tarraingt ar an traidisiún scéalaíochta go fóill, ach tá athrú ann, dar liom. Níor foilsíodh aon leabhar ó shin atá múnlaíthe ar ábhar traidisiúnta na hÉireann scun scan, ar nós *An Grá Riabhach* nó *Na Seacht Cineál Meisce agus Finscéalta Eile*. Ina ionad sin, mar is léir ó novella Mhichíl Uí Chonghaile, *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny* (2002) nó ón úrscéal meitíficsin, *Con Trick 'An Bhalla Bháin'* (2009) le Colm Breathnach, tá na húdair tar éis gnéithe den traidisiún a fhí isteach ina saothar ar bhealach iontach éifeachtach is sofaisticiúil.⁵⁷ Amhránaí ar an sean-nós is ea Jeaic sa novella. Is fear é a bhaineann úsáid as meafair sna hamhráin thraidisiúnta le friotal a chur ar a chuid smaointe agus ar a scéal. I leabhar iar-nua-aoiseach an Bhreathnaigh, tá an scéalaíocht thraidisiúnta ar na huirlisí is ar na cleasanna reacaireachta atá ag an údar de réir mar a dhíríonn sé aird an léitheora ar an saothar litríochta mar chonstráid fhicseanúil. Ina theannta sin, ní miste tagairt a dhéanamh do *Diabhlaíocht Dé* (2015), cnuasach scéalta le Micheál Ó Conghaile ina measctar scéalta agus móitífeanna ó thraidisiúin éagsúla ar fud an domhain ar bhealach samhlaíoch a chuirfeadh *An Chéad Chloch* (1914) le Pádraic Ó Conaire i gcuimhne duit.⁵⁸ Agus le déanaí, in *ag dul i bhfad* (2023), an chéad chnuasach gearrscéalta Gaeilge atá foilsithe ag Alan Titley le blianta fada anuas, tá an béaloideas chun tosaigh in “An Buachaill Báire” a tharraingíonn ar mhacghníomhartha Chú Chulainn,⁵⁹ in “An Cloigeann Catach,” scéal bleachtairachta de shórt,⁶⁰ agus, go háirithe, in “Tóraíocht na Leathchluaise Léithe Clé,” ar seigaithe ar *Märchen*, scéal idirnáisiúnta draíochta, é.⁶¹

In aiste dar teideal “Béaloideas Mar Abhar [*sic*] Litríochta” in 1962, scríobh Seán Ó Súilleabháin, cartlannaí Choimisiún Béaloideas Éireann, go raibh súil aige:

... go dtiocfadh an t-am nuair a bheidh scríobhnóirí (i nGaedhilg agus i mBéarla) againn sa tír seo na hÉireann ag baint úsáide as ár gcuid bhéaloideas féin le haghaidh a gcuid saothair. Tá maidhm Éireann abhair [*sic*] ag údair le fagháil sa bhéaloideas féin, agus sa tsean-litríocht, chó maith (na himramha, na creacha, scéalta na Craobh-ruaidhe agus na Féinne, agus na céadta neithe eile dá saghas).⁶²

Má bhí an Súilleabhánach ag tabhairt cuireadh oscailte do scríbhneoirí tarraingt ar an bhéaloideas (is go hindíreach, lena gcuid féin a dhéanamh de), a mhalairt de dhearcadh a bhí ag Diarmuid Ó Gráinne nuair a scríobh sé sa bhliain 1995:

Léigh mé dán le file áirithe le déanaí agus gadaíocht lomdhíreach a bhí ann ar scéal amach as cartlann Roinn an Bhéaloidis i UCD. Is mór an mhaith nach féidir leis na mairbh próiseanna cúirte a scaipeadh nó bheadh leath dár gcuid filí ag lonnú faoi na réalta i gcampa i gCluain Sceach.⁶³

Ba chaint throdach í sin a chuir bradaíl liteartha i leith file gan ainm is i leith go leor scríbhneoirí Gaeilge de chuid ár linne. Fágaimis an sampla áirithe sin ar leataobh: níl mise chun an chéad chloch a chaitheamh. Ach ardaíonn cúiseamh Uí Ghráinne buncheisteanna tábhachtacha. Cé leis an traidisiún Gaelach? Cén cead atá ag scríbhneoir cruthaitheach a c[h]uid féin a dhéanamh de? Nó an bhfuil údar faoi chomaoín ag an traidisiún agus é de gheasa air/uirthi gan ábhar a chur as a riocht?

Tá saoirse ag scríbhneoir aon úsáid is aon mhí-úsáid is mian leis nó léi a bhaint as an traidisiún, dar liom. Níl an scríbhneoir ficsin nó an file nó an drámadóir ag plé leis an ábhar mar a phléifeadh scoláire leis. An t-aon cheist ná an mbaintear úsáid éifeachtach ealaíonta as. Níl cóipeacht ar scéal maith. Nach bunphrionsabail de chuid an bhéaloidis iad go mbíonn leaganacha de scéal ann agus go mbuaileann gach scéalaí a chló féin ar an scéal agus a shéala féin ar gach taibhléiriú?

Ar an taobh eile den scéal, à la Petticoat Loose, seans gurb é an pionós atá le gearradh orm is ar mo leithéid go gcuirfí go himeall na Mara Deirge nó go gulag i gCluain Sceach féin muid chun an tsíoraíocht a chaitheamh ann. Bheadh orainn an scéal céanna a scríobh as an nua arís is arís eile agus é bunaithe ar mheafair chultúrtha na nGael. Nó a fhoghlaim go daor peannaideach nach den ghaois é an chéad lá riamh a bheith ag tincéireacht le scéalaíocht agus le saothíúlacht ár sinsear.

Foilsíodh cuid den aiste seo cheana in Pádraig Ó Siadhail, “Isteach de léim chabhlach san Abhainn leat.” In *Éigse Cholm Cille 2003*. Eag: Niall Comer. Doire: Cló an Iolair, 2004, 20-32.

¹ Pádraig Standún, *Cion Mná*. Cló Iar-Chonnacht, 1993.

² Máirín Nic Eoin, “Ag Taisteal gan Mhapaí. An Ficsean Neamhréalaíoch agus Gníomh na Léitheoireachta,” *Léachtaí Cholm Cille XXXVI* (2006), 77-111.

³ Máirín Nic Eoin, “Athshaothrú an Dúchais sa Phróschumadóireacht Chomhaimseartha.” In Stiofán Ó Cadhla agus Diarmuid Ó Giolláin (eag.) *Léann an Dúchais. Aistí in Ómós do Ghearóid Ó Cruaí*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí (2012), 188-200.

⁴ Dáibhí Ó Cróinín, *An Cúigiú Díochlaonadh*. Cló Iar-Chonnacht, 1994, Brollach.

⁵ *Ibid.*, 7.

⁶ *Ibid.*, 115.

⁷ Gabriel Rosenstock, Blurba cúil. Ó Cróinín, *An Cúigiú Díochlaonadh*.

⁸ Liam Mac Mathúna, “Réamhrá” in an tAthair Peadar Ua Laoghaire, *Séadna*. Liam Mac Mathúna a chuir in eagar. Baile Átha Cliath: Carbad, 1997, xxxvii.

⁹ *Ibid.*, xxxvii.

¹⁰ *Ibid.*, xxviii [*recte* xxxviii]-xxxix.

¹¹ Donncha Ó Súilleabháin, *Scéal an Oireachtais 1897-1924*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1984, 169.

¹² *Ibid.*, 172.

¹³ “Páidín Mháire” in *Scothscéalta* le Pádraic Ó Conaire. Tomás de Bhaldraithe a thogh is a chuir in eagar. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill. An tAonú Cló Déag, 1976, 134.

¹⁴ *Ibid.*, 145.

¹⁵ Pádraigín Riggs, *Pádraic Ó Conaire*. Deoraí. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1994, 137.

¹⁶ Diarmuid Ó Gráinne, “Máirtín Ó Cadhain is an Béaloideas,” *Comhar* 54 (11), Samhain 1995, 37.

¹⁷ Máirtín Ó Cadhain, “Scéalta faoi na Naoimh,” *Béaloideas*, 2.4 (1930): 384-93; Máirtín Ó Cadhain, “Sgéaluigheacht Chois-Fhairrge,” *Béaloideas*, 4.1 (1933): 62-88; Máirtín Ó Cadhain, “Cnuasach Ó Chois-Fhairrge,” *Béaloideas*, 5. 2 (Nollaig 1935): 219-72; Máirtín Ó Cadhain, “Dhá Sgéal,” *Béaloideas*, 6.1 (Meitheamh 1936): 97-103. Feic freisin: *Faoi Rothaí na Gréine. Amhráin as Conamara a Bhailigh Máirtín Ó Cadhain*, in eagar ag Ríonach uí Ógáin agus Seosamh Ó Cadhain. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999; agus *Ó Cadhain i dTír Chonaill. Béaloideas na Gaeltachta*, in eagar ag Pádraig Ó Baoill. Baile Átha Cliath: Coiscéim 2007.

¹⁸ Ó Cadhain, 97.

¹⁹ Ó Gráinne, “Máirtín Ó Cadhain is an Béaloideas,” 37. Feic fosta Gearóid Denvir, *Cadhan Aonair. Saothar Liteartha Máirtín Uí Chadhain*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1987, 196-201.

²⁰ “Mac Rí na nDeachmann,” in Máirtín Ó Cadhain, *Idir Shúgradh agus Dáiríre*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Eagrán Nua, 1975, 117-35.

²¹ Denvir, *Cadhan Aonair*, 199.

- ²² “An Gheis,” in Máirtín Ó Cadhain, *An Braon Broghach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, Eagrán Nua, 1968, 33.
- ²³ Máirín Nic Eoin, *An Litríocht Reigiúnach*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1982, 38.
- ²⁴ Ibid., 36.
- ²⁵ Pádraigín Haicéad, “Faisean Chláir Éibhir” in *An Duanaire 1600-1900: Poems of the Dispossessed*, curtha i láthair ag Seán Ó Tuama, with translations into English verse by Thomas Kinsella, Mountrath, Portlaoise: The Dolmen Press in association with Bord na Gaeilge, Athchló 1990, 90.
- ²⁶ Máirín Nic Eoin, *Trén bhFearann Breac. An Diláithriú Cultúir agus Nualitriocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2005, 285.
- ²⁷ “An Sísceál de réir Eoin” in Alan Titley, *Eiriceachtaí agus Scéalta Eile*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1987, 121-30.
- ²⁸ Alan Titley, *Fabhlascéalta*. Cló Iar-Chonnacht, 1995, Blurba cúil.
- ²⁹ “An Tríú Domhan,” Ibid., 11.
- ³⁰ Alan Titley, *Leabhar Nóra Ní Anluain. Céad scéal ó cheartlár na cruinne*. Cló Iar-Chonnacht, 1998.
- ³¹ [Seán Ó Conaill], *Leabhar Sheáin Í Chonaill. Sgéalta agus Seanchas Ó Íbh Ráthach*. Séamus Ó Duilearga do sgríobh agus do chuir i n-eagar maille le réamhrá agus nótaí. Eagrán Nua. Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann. An Coláiste Ollscoile, 1977.
- ³² Bö Almqvist, *An Béaloideas agus An Litríocht. Léacht ag Caidreamh Scríobhnóirí Chorca Dhuibhne* [Baile an Fheirtéaraigh]: Cló Dhuibhne, 1977, 8.
- ³³ Ibid., 14-17.
- ³⁴ Anne Markey and Anne O’Connor, “Introduction: Folklore and Modern Irish Writing” Anne Markey, and Anne O’Connor (eds.), *Folklore and Modern Irish Writing*. Sallins, Co. Kildare: Irish Academic Press, 2014, 5.
- ³⁵ Éilís Ní Dhuibhne, “‘Some hardcore storytelling’: Uses of Folklore by Contemporary Irish Writers.” In Markey and O’Connor (eds.), *Folklore and Modern Irish Writing*, 204-16.
- ³⁶ Nic Eoin, “Athshaothrú an Dúchais,” 188-200.
- ³⁷ Ibid., 189.
- ³⁸ “Leabhar Mholing” in Biddy Jenkinson, *An Grá Riabhach. Gáirscéalta*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000, 145-57.
- ³⁹ “Consortium Mulierum,” Ibid., 165-76.
- ⁴⁰ “Éadaoin na hIlghiniúna,” Ibid., 43-52.
- ⁴¹ “Oidhe Fhearghúsa,” Ibi, 61-68.
- ⁴² Seán Ó Tuama, “Introduction,” *Translation: The Journal of Literary Translation* 22 (Fall 1989), 6.
- ⁴³ “Meisce Bhreallánachta” in Pádraig Ó Siadhail, *Na Seacht gCineál Meisce agus Finscéalta Eile*. Cló Iar-Chonnacht, 2001, 11-23.
- ⁴⁴ Joe Neil Mac Neil, *Sgeul gu Latha. Tales until Dawn. The World of a Cape Breton Gaelic Story-Teller*. Translated and edited by John Shaw. Kingston and Montreal: McGill-Queen’s University Press, 1987.
- ⁴⁵ Linden MacIntyre, *The Long Stretch. A Novel*. Toronto: Harper Perennial, 2006, 4.
- ⁴⁶ Pádraig Ó Siadhail, “Meisce Bhreallánachta. (Sliocht as gearrscéal).” In *Listowel Writers’ Week. Winners 1998*. Listowel, Co. Kerry: Listowel Writers’ Week, 1998, 60-66.
- ⁴⁷ “Meisce Bhreallánachta” in Ó Siadhail, *Na Seacht gCineál Meisce*, 19.
- ⁴⁸ “Gadaithe” in Seán Mac Mathúna, *Banana*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 1999, 81-94.
- ⁴⁹ *Malartú Intinne* le Jack Ó Drisceoil.
<https://www.tg4.ie/ga/player/boxset/seinn/?pid=5721623944001&title=Malart%C3%BA%20Intinne&series=%C3%9Aadar&genre=Drama&pcode=358629> [Faighte 8 Márta 2024].
- ⁵⁰ “Sile Ní Ghadhra i dTalamh an Éisc” in Ó Siadhail, *Na Seacht gCineál Meisce*, 87-103.
- ⁵¹ “Sheila na Geira Pike.” In *Legends of Newfoundland & Labrador*. Edited by D.W.S. Ryan. St. John’s, Newfoundland: Jespersen Press Limited, 1990, 15-22. Feic freisin Philip Hiscock, “A Perfect Princess: The Twentieth-Century Legend of Sheila Na Geira and Gilbert Pike,” *Newfoundland Studies* 18. 2 (2002), 195-244.
- ⁵² “Petticoat Loose,” in Ó Siadhail, *Na Seacht gCineál Meisce*, 215-24.
- ⁵³ Anne O’Connor, *Child murderess and dead child traditions: a comparative study*. Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia, 1991.

⁵⁴ “Meisce Chaointe” in Ó Siadhail, *Na Seacht gCineál Meisce*, 225-35.

⁵⁵ James Mooney, “The Medical Mythology of Ireland,” *Proceedings of the American Philosophical Society* 24.125 (Eanáir-Meitheamh 1887), 136-66; James Mooney, “The Funeral Customs of Ireland,” *Proceedings of the American Philosophical Society* 25. 128 (Iúil-Nollaig 1888), 243-96; James Mooney, “The Holiday Customs of Ireland,” *Proceedings of the American Philosophical Society* 26. 130 (Iúil-Nollaig 1889), 377-427.

⁵⁶ Feic na haistí: “James Mooney, ‘The Indian Man’, agus Béaloideas na hÉireann,” *Béaloideas* 77 (2009) 1-36; “‘The Indian Man’ and the Irishman: James Mooney and Irish Folklore,” *New Hibernia Review* 14. 2 (2010): 17-42; “The man from Larcy: James Mooney, Native American scholar and the Meath connection,” *Ríocht na Midhe, Journal of the Meath Archaeological and Historical Society* 23 (2012), 259-80; “James Mooney: The ‘Indian Man,’ and the ‘Irish Catholic.’” In Graeme Morton and David A. Wilson (eds.), *Irish and Scottish Encounters with Indigenous Peoples. Canada, the United States, New Zealand, and Australia*. Montreal & Kingston: McGill Queen’s University Press, 2013, 49-70.

⁵⁷ Micheál Ó Conghaile, *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny*. Cló Iar-Chonnacht, 2002; Colm Breathnach, *Con Trick “An Bhalla Bháin”*. Cló Iar-Chonnacht, 2009.

⁵⁸ Micheál Ó Conghaile, *Diabhlaíocht Dé*. Cló Iar-Chonnacht, 2015; Pádraic Ó Conaire, *An Chéad Chloch*. In eagar ag Pádraigín Riggs. Baile Átha Cliath & Corcaigh: Cló Mercier. Áthchló, 1981.

⁵⁹ “An Buachaill Báire” in Alan Titley, *ag dul i bhfad*. Cló Iar-Chonnacht, 2023, 123-50.

⁶⁰ “An Cloigeann Catach,” *Ibid.*, 181-211. Feic, de shonra, 204-06.

⁶¹ “Tóraíocht na Leathchluaise Léithe Clé,” *Ibid.*, 151-80.

⁶² Seán Ó Súilleabháin, “Béaloideas Mar Abhar [sic] Litríochta,” *Studia Hibernica* 2 (1962), 228.

⁶³ Ó Gráinne, “Máirtín Ó Cadhain is an Béaloideas,” 37.